Ráiteas Straitéise

2026-2030

Nollaig 9, 2025

Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

Focal ón gCathaoirleach

Is cúis áthais dom Ráiteas Straitéise: 2026-2030 na heagraíochta a chur os bhur gcomhair thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann. Tá an cháipéis seo mar bhuaicphointe d'iarracht shuntasach, rannpháirtíocht agus iliomad leagancha a dhíreoidh ár ngníomhaíochtaí thar na chéad 5 bliana eile.

Is sócmhainní náisiúnta ríthábhachtacha iad aibhneacha, lochanna agus uiscí cósta na hÉireann a mhúnlaíonn ár dtírdhreacha, a thacaíonn le pobail agus a chothaíonn bithéagsúlacht uathúil. Mar an comhlacht reachtúil atá freagrach as iascaigh intíre agus an tslatiascaireacht mhara, tá IIÉ tiomanta don acmhainn seo a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú do na glúnta atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo. Áirítear lenár limistéar geografach oibríochta 74,000 km d'aibhneacha: 128,000 heicteár de lochanna agus os cionn 5500 km d'imeallbhord agus uiscí cladaigh laistigh de 12 mhíle farraige ó bhunlínte.

Mar gheall ar bhrúnna leanúnacha éiceolaíocha amhail athrú aeráide, ilroinnt gnáthóige, speicis ionracha agus athrú úsáide talún, bíonn freagairt leathan, chomhtháite ag teastáil. Tá ár bhfreagrachtaí á múnlú agus á coigeartú ag an tírdhreach reachtaíochta, atá ag athrú i gcónaí. Chuige sin, tá orainn a bheith freagrúil, réamhbhreathnaitheach agus ailínithe le treo na beartais náisiúnta ar fad.

Díríonn ár straitéis ar cheithre thosaíocht:

- Bithéagsúlacht éisc a chosaint agus **a chaomhnú**.
- Cumhachtaí reachtacha a **fhorfheidhmiú** agus comhoibriú idirghníomhaireachtaí a neartú; Réitigh agus cláir dúlrabhunaithe a mhéadú a **athbhunaíonn** gnáthóga agus a bhaineann bacainní abhann.
- Ceannaireacht a thabhairt ar iarrachtaí **athbhunaithe** trí ghnáthóga uisceacha a athshlánú.
- Guth údarásach, fianaise-bhunaithe, a sholáthar **a thacaíonn** le hiascaigh intíre agus bithéagsúlacht uisceach.

Tá na spriocanna straitéiseacha seo bunaithe ar phríomhchumasóirí eagraíochtúla: infheistíocht a dhéanamh inár **ndaoine** agus inár gcultúr, ár **rialachas** a neartú, ár gcórais **eolais** agus teicneolaíochta a nuachóiriú, agus **comhpháirtíochtaí** láidre a thógáil le pobail, úinéirí talún, eagraíochtaí neamhrialtasacha, an saol acadúil agus gníomhaireachtaí eile.

Faoi 2030, tá sé mar aidhm ag IIÉ feabhsuithe inláimhsithe a léiriú i ngnáthóga éisc agus i stádas pobail laistigh de dhobharcheantair tosaíochta; comhlíontacht níos daingnithe le dlí na timpeallachta; scála méadaithe iarrachtaí athbhunaithe agus ardú mór ar an gcaoi a gcuireann sonraí bonn eolais faoi phleanáil agus rianú tionchair. Beidh tuairisciú bliantúil, trédhearcacht agus cuntasacht lárnach ar fad le muinín an phobail a choinneáil.

Tá an straitéis seo múnlaithe trí chomhairliúchán fairsing inmheánach agus seachtrach inar dearbhaíodh tacaíocht leathan don treo straitéiseach, agus ag an am céanna aitheantas agus meas á léiriú ar pheirspictíochtaí na ndaoine a chuir ábhair imní in iúl. Tá fáilte curtha roimh na hionchuir sin go léir agus tá tionchar acu ar ár gcur chuige.

Ar ndóigh, ní mór go mbeadh níos mó i gceist lenár luachanna ná focail ar leathanach go díreach - ní mór iad a bheith curtha i bhfeidhm go leanúnach tríd an gcaoi a n-oibrímid le chéile, lenár bpáirtithe leasmhara, agus leis na pobail atá ag brath ar iascaigh shláintiúla gach lá.

Leanfaimid orainn ag déanamh dul chun cinn suntasach maidir lenár gcreat rialachais a neartú trínár mbeartais a nuashonrú, próisis chinnteoireachta a shoiléiriú, agus córais dhigiteacha agus bainistíochta riosca níos sruthlínithe a leabú le cinntí trédhearcacha, cuntasacha agus tráthúla a chinntiú ar fud na heagraíochta.

Beidh rath na straitéise sin ag brath ar iarracht chomhchoiteann. Aithním díograis fhoireann IIÉ, maoirseacht iascairí agus grúpaí pobail, agus ionchuir luachmhara ár gcomhpháirtithe taighde agus forfheidhmithe. Le chéile, tá tasc dúshlánach romhainn—ach ceann a bhfuil deis shuntasach ag baint leis Tríd an straitéis sin a bheith curtha i bhfeidhm go rathúil, tá sé mar aidhm ag IIÉ a chinntiú go n-éireoidh lenár n-iascaigh agus lenár n-éiceachórais uisceacha go héiceolaíoch, go sóisialta agus go heacnamaíoch—do na glúnta atá le teacht.

Cathaoirleach

Réamhrá an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh

Cosnaíonn Iascach Intíre Éireann ceann de shócmhainní nádúrtha is luachmhaire an Stáit: an líonra aibhneacha, sruthán, lochanna agus éiceachórais chósta a chothaíonn iasc, bithéagsúlacht agus pobail uisceacha rathúla. Mar an ghníomhaireacht náisiúnta, a bhfuil freagracht reachtúil uirthi as na hacmhainní sin a chosaint, a fhorbairt agus a bhainistiú, oibrímid laistigh de chreat reachtaíochta láidir, lena n-áirítear an tAcht um Iascach Intíre 2010, an tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú) 1959 agus na hAchtanna um Truailliú Uisce. Tá ár gcuid oibre fréamhaithe sa Chreat-Treoir Uisce agus sna Treoracha maidir le Gnáthóga, agus tá sí ailínithe le hionstraimí atá ag teacht chun cinn amhail an Dlí um Athbhunú an Dúlra.

Leagtar treo soiléir agus uaillmhianach amach lenár Ráiteas Straitéise 2026-2030, rud a léiríonn ár ndul chun cinn mar ghníomhaireacht chomhshaoil shofhreagrúil, sheachtrach agus fianaise-bhunaithe atá ag feidhmiú i ré ina bhfuil strus suntasach éiceolaíoch ann. Tá dlús faoi thionchair aeráide, tá cáilíocht an uisce ag dul i laghad i go leor dobharcheantar, agus tá speicis éisc dhúchasacha ag éirí níos leochailí. Leis na dúshláin sin tá oiriúnú níos tapúla, abhcóideacht níos láidre agus cur chuige teicneolaíochta níos comhtháite ar fud ár sainchúram ag teastáil.

Cuireann ár straitéis caomhnú agus cosaint i gcroílár ár misin, agus gach cumhacht reachtúil, cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe, acmhainneacht leathnaithe, sainoiliúint, agus teicneolaíochtaí forfheidhmithe cliste á úsáid le gníomhaíocht mhídhleathach a dhíspreagadh agus gnáthóga a chosaint. De réir mar a éiríonn tionchair aeráide níos déine, déanfaimid ár samhlacha taighde agus cosanta a oiriúnú le hiascaigh athléimneacha a chinntiú, agus gníomh cinntitheach, fianaise-bhunaithe, á dhéanamh againn le meath na speiceas atá i mbaol a stopadh agus a chur ina cheart. Tabharfaimid ceannaireacht le hiarrachtaí athbhunaithe ceannasacha ar scála córas, a chuirfidh feabhas ar cháilíocht an uisce, a athshlánóidh gnáthóga, agus tionscnaimh ardtionchair a chur i gcrích amhail an Clár Náisiúnta Maolaithe Bacainní le feidhm éiceolaíoch a athbhunú agus gnóthachain bhithéagsúlachta buana a bhaint amach. Tacóimid le fás earnáil iascaireachta áineasa na hÉireann trí rannpháirtíocht a chur chun cinn, rochtain agus bonneagar a fheabhsú, agus a bheith ag obair le páirtithe leasmhara lena chinntiú go bhfanfaidh an tslatiascaireacht ina gníomhaíocht inrochtana, inbhuanaithe agus ríthábhachtach ó thaobh cultúir lena chothaítear maoirseacht fhadtéarmach ar ár n-iascaigh.

Beidh an t-oideachas agus for-rochtain ríthábhachtach dár misean ar fad agus muid ag leathnú rannpháirtíocht le scoileanna agus leis an bpobal, ag cumhachtú daoine óga leis an eolas, na scileanna agus na luachanna atá riachtanach chun géarchéim na bithéagsúlachta a thuiscint agus a bheith ag troid ar son chosaint an chomhshaoil. Trí fhoghlaim atá ailínithe leis an gcuraclam, eispéiris allamuigh agus eolaíocht na saoránach, cuirfimid litearthacht éiceolaíoch chun cinn agus spreagfaimid freagracht as éiceachórais uisceacha na hÉireann. Tá tiomantas don eolas agus fianaise láidir mar bhonn agus taca lenár gcuid oibre ar fad. Déanfaimid córais dhigiteacha agus sonraí a nuachóiriú, úsáidfimid teicneolaíocht le gníomhartha forfheidhmithe agus caomhnaithe

a fheabhsú, déanfaimid monatóireacht ar athrú comhshaoil i bhfíor-am, agus cinnteoimid cinntí trédhearcacha, fianaise-bhunaithe. Cuirfidh foireann taighde tiomanta léargais agus modhanna nua chun cinn, á cinntiú go méadóidh an teicneolaíocht agus an eolaíocht ár dtionchar ar fud gach réimse dár straitéis.

Déanfaimid ár misean a chomhlíonadh trí fhoirne oilte, tiomanta a bhfuil cumas, sábháilteacht, folláine agus ceannaireacht láidir mar thaca leo, agus cultúr comhoibríoch a chothú atá bunaithe ar ár luachanna agus a bhfuil muinín ag páirtithe leasmhara as. Agus rialachas eiseamláire san earnáil phoiblí á choinneáil i bhfeidhm, cinnteoimid ardchaighdeáin eitice, cuntasachta, bainistíochta riosca agus feidhmíochta, rud atá curtha ar ár gcumas a bhuí le próisis dhigiteacha sruthlínithe agus feabhsú leanúnach le haghaidh cinnteoireachta feasaí, trédhearcaí agus éifeachtaí. Agus nádúr sistéamach agus ilghníomhaireachta na ndúshlán comhshaoil á shainaithint againn, neartóimid an comhoibriú le comhlachtaí Stáit, údaráis áitiúla, pobail, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus iascairí. Déanfaimid comhpháirtíochtaí a bhunú ar bhonn foirmiúil nuair is iomchuí agus déanfaimid torthaí intomhaiste atá ailínithe le cuspóirí náisiúnta bithéagsúlachta, aeráide agus uisce a sheachadadh le chéile.

Déanfar rathúlacht a thomhas de réir gnáthóga níos sláintiúla, feabhas ar cháilíocht an uisce, téarnamh pobail éisc, comhlíontacht níos láidre, rannpháirtíocht níos leithne agus níos éagsúla sa tslatiascaireacht, méadú ar mhuinín an phobail, agus buntáistí socheacnamaíocha soiléire ó iascaireacht inbhuanaithe agus athbhunú éiceachórais. Déanfar rianú ar na gealltanais sin trí mhéadrachtaí láidre atá leabaithe i dtimthriall pleanála bliantúil IIÉ le seachadadh trédhearcach agus cuntasach a chinntiú. Beidh an gníomhú ar son na haeráide fós ina chuid bhunúsach dár misean, le hinfheistíocht spriocdhírithe le hastaíochtaí a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus comhtháthú iomlán oiriúnaithe agus athléimneachta aeráide ar fud ár gclár caomhnaithe, forfheidhmithe, athbhunaithe agus slatiascaireachta, agus aitheantas á thabhairt go bhfuil iascaigh a chosaint doscartha ó aeráid, uisce agus oidhreacht nádúrtha na hÉireann a chosaint.

Le sainordú soiléir, straitéis dhírithe agus foireann aontaithe, cosnóimid sócmhainní an lae inniu agus tabharfaimid timpeallacht nádúrtha níos saibhre don chéad ghlúin eile.

Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

An chaoi ar forbraíodh ár Ráiteas Straitéise

Tacóidh, treoróidh agus múnlóidh an Ráiteas Straitéise seo na chéad chúig bliana a bheidh ag IIÉ.

Forbraíodh i gcaitheamh 2025 trí phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin agus athbhreithnithe. Áiríodh leis sin athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach roimhe seo do 2021 – 2025, straitéisí Le Chéile na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, cleachtaí scanadh ionchais, sraith seisiún pleanála straitéisí le baill foirne, comhairliúchán leis an mBord Stiúrthóirí agus leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, bunú grúpa straitéise foirne, ceardlann leis an bhFóram Náisiúnta Iascaigh Intíre (NIFF) agus próiseas comhairliúcháin phoiblí.

Tá na léargais luachmhara a thug daoine a bhí páirteach sa phróiseas tábhachtach dúinn, agus táimid ag tnúth le comhoibriú leo leis an bplean a chur i bhfeidhm go rathúil.

Pléitear leis an gceanglas reachtúil maidir le 'Plean Corparáideach' mar atá leagtha amach in Alt 41 den Acht um Iascach Intíre 2010 sa Ráiteas Straitéise.

Ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna

Ár bhFís:

Tacaíonn na haibhneacha, na lochanna agus na héiceachórais chósta atá againn le pobail flúirseacha éisc do na glúnta atá le teacht.

Ár Misean:

Déanfaimid ár n-iascaigh, ár ngnáthóga agus ár mbithéagsúlacht a chaomhnú, a chosaint agus a athchóiriú, agus tacóimid leo.

Ár Luachanna:

- Táimid tiomanta don timpeallacht agus don inbhuanaitheacht.
- Oibrímid i gcomhar a chéile le teann gairmiúlachta.
- Déanaimid cumarsáid go hoscailte trédhearcach.
- Gníomhaímid le meas, ionracas agus cuntasacht.

Tá ár luachanna mar bhonn lenár gcinnteoireacht agus bíonn tionchar acu ar an gcaoi a n-iompraímid gach lá nuair a thagaimid chun na hoibre. Trí na luachanna sin, déanaimid iarracht tionchar dearfach a imirt ar a chéile, ar ár bpáirtithe leasmhara, ar an bpobal agus ar ár dtimpeallacht. Táimid tiomanta a chinntiú go gcuirtear na luachanna sin i bhfeidhm agus go mbíonn siad ina gcuid lárnach dár dtaithí laethúil.

Ár gCreat Straitéiseach

Agus muid ag ullmhú ár bplean straitéiseach nua, bhí comhráite fiúntachta againn lenár bhfoireann, ag machnamh ar ár ngnóthachtálacha agus ag féachaint chun cinn ar na deiseanna agus na dúshláin atá romhainn.

Tríd an bpróiseas sin, tháinig ceithre théama lárnacha chun cinn go leanúnach: ár dtiomantas don **chaomhnú**, ár ról uathúil i gcosaint trí **fhorfheidhmiú**, ár ndúthracht d'**athbhunú** éiceachórais, agus ár ról mar **dhream a throideann ar son** iascaigh intíre. Leagtar amach sna leathanaigh seo a leanas ár n-iarrachtaí sna réimsí tábhachtacha sin.

Mar sin féin, aithnímid nach mbeadh ár n-obair sna réimsí sin indéanta gan na scileanna, an saineolas, an taithí agus an paisean ar leith atá ag ár **bhfoireann**. Tacaítear leo trí neartú ár gcórais **rialachais** , rud a chinnteoidh cuntasacht, maoirseacht éifeachtach agus cinnteoireacht thrédhearcach.

Chomh maith leis sin, ní mór dúinn béim a leagan ar thábhacht chomhroinnt **eolais** laistigh dár n-eagraíocht agus níos faide i gcéin agus ár gcumas maidir lena bhailiú, a anailísiú agus a chur in iúl a fheabhsú dá réir, le bonn eolais níos fearr a chur faoinár bpróisis chinnteoireachta agus chun éifeachtúlacht ár seirbhísí a fheabhsú.

Ar deireadh, aithnímid an tábhacht a bhaineann le **comhpháirtíochtaí** lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár gcomhghníomhaireachtaí comhshaoil agus muid ag tosú ar ár bplean nua agus ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil sistéamacha, leathana.

Le chéile, leagann na réimsí tábhachtacha sin amach an creat straitéiseach dár bplean nua.

Beidh ár **dTosaíochtaí Straitéiseacha** mar threoir dár sainchúram sna 5 bliana amach romhainn. Tá gach tosaíocht comhdhéanta de thionscnaimh thacaíochta agus de thorthaí inmhianaithe.

Tá ár **gCumasóirí Straitéiseacha** ina mbunús le gach a ndéanaimid chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach. Tá gealltanais leagtha amach againn chun gach cumasóir a neartú.



CAOMHNAIGH

Déanfaimid pobail éisc na hÉireann a chosaint agus a chothabháil trí bheartais agus tionscadail fianaise-bhunaithe chun bithéagsúlacht éisc a chaomhnú

Comhthéacs

Tá reachtaíocht, amhail an tAcht um Iascach Intíre 2010, an Creat-Treoir Uisce agus an Treoir maidir le Gnáthóga, mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuid oibre caomhnaithe. Beidh tionchar breise ag reachtaíocht nua, lena n-áirítear an Dlí um Athchóiriú an Dúlra agus Airteagal 55 (de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle), ar ár gcuid oibre. Cuireann na dlíthe sin an sainordú ar fáil dár dtiomantas do phobail éisc a chosaint, a mhonatóiriú agus a chothabháil, go háirithe na speicis sin atá i mbaol. Beidh sé tábhachtach don obair sin tuiscint a fháil ar luach caipitil nádúrtha ár n-iascaigh intíre agus ár n-acmhainn slatiascaireachta mara.

Le blianta beaga anuas, tá bagairtí méadaitheacha tagtha ar ghnáthóga éisc, rud a fhágann go bhfuil stoic ag laghdú go suntasach. Mar fhreagra air sin, tá ár gcur chuige straitéiseach athraithe againn agus táimid ag díriú ar shaineolas nua a fhorbairt i gcleachtais chaomhnaithe na chéad ghlúine eile agus i maolú agus oiriúnú don athrú aeráide. Áirítear lenár gcuid oibre taighde agus forbairt, rochtain ar shlatiascaireacht a bhainistiú, speicis ionracha a bhainistiú, agus tionscnaimh ar nós Phlean Bainistíochta Lochanna Móra an Iarthair a chur i gcrích, agus tá sé mar aidhm leo uile éiceachórais uisceacha a athbhunú agus a chaomhnú. Maoinímid tionscadail chaomhnaithe ar fud na tíre freisin, i gcur chuige comhoibríoch lenár n-acmhainn iascaigh a chosaint agus iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn do na glúnta atá le teacht.

Faoinár straitéis nua, leanfaimid lenár gcuid oibre caomhnaithe le bradán agus breac donn agus leathnóimid ár n-iarrachtaí chuig speicis níos mó atá i mbaol. Feabhsóimid ár gcumas sonraí freisin le tacú le cleachtais bhainistíochta oiriúnaitheacha fianaise-bhunaithe, agus maoiniú a dhéanamh ar thionscadail chaomhnaithe spriocdhírithe atá ailínithe lenár dtosaíochtaí.

Tionscnaimh

Chun tacú leis an tosaíocht seo, déanfaimid:

1.1 Straitéis dhinimiciúil taighde a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

1.2 Úsáid a bhaint as ár gcumas taighde agus forbartha nuálaí chun bonnlíne a chruthú, stádas caomhnaithe speiceas éisc na hÉireann a mheas agus monatóireacht a dhéanamh air.

1.3 Infheistíocht níos mó a dhéanamh in iarrachtaí caomhnaithe speiceas atá i mbaol, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta dóibh) bradán, eascann agus breac donn.

1.4 Feabhsú agus nuachóiriú a dhéanamh ar phróisis bhailiúcháin sonraí caomhnaithe le cinnteoireacht a neartú, cleachtais chaomhnaithe fianaise-bhunaithe amhail bainistíocht oiriúnaitheach a chumasú, agus bealaí oibre níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a spreagadh.

1.5 Leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscadail chaomhnaithe atá ailínithe go straitéiseach agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail lena dtionchar a léiriú.

1.6 Comhairle a chur ar an Aire maidir le cúrsaí caomhnaithe agus tionchair bheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta ar iarrachtaí caomhnaithe.

1.7 Iniúchadh a dhéanamh ar ár gcumas maidir le réitigh athchóirithe nuálacha agus iad a thógáil.

1.8 Na gealltanais i bPlean Bainistíochta Lochanna Móra an Iarthair a chomhlíonadh .

Torthaí

- Comhlíonfaimid ár sainchúram reachtúil agus na gealltanais faoi reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an AE.
- Is féidir linn a léiriú go bhfuil tionscnaimh curtha i gcrích go rathúil a bhfuil sé mar aidhm acu meath speiceas atá i mbaol a laghdú, m.sh. bradán, eascann, loimpre
- Is féidir linn feabhsuithe ar ghnáthóga éisc a thomhas i gcomhréir lenár bpleananna.
- Caomhnóimid stoic éisc chun slatiascaireacht inbhuanaithe a chur ar fáil ar mhaithe le buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta.
- Léireoimid luach caipitil nádúrtha iascaigh intíre agus acmhainní slatiascaireachta mara.
- Tá dea-cháil bainte amach againn i measc páirtithe leasmhara mar cheannaire caomhnaithe in Éirinn, rud a léirítear trí chomhoibriú éifeachtach, cláir oibre comhroinnte, agus dul chun cinn comhchoiteann ar spriocanna comhshaoil.

FORFHEIDHMIGH

Díreoimid ár ngníomhaíocht forfheidhmithe ar thruailliú uisce, scriosadh gnáthóige agus iascaireacht mhídhleathach, ag baint úsáide as gach cumhacht reachtach atá againn

Comhthéacs

Is muidne gníomhaireacht iascaigh intíre na hÉireann agus tá údarás reachtúil againn chun dlíthe a fhorfheidhmiú i gcoinne maruithe éisc, damáiste gnáthóige, iascaireacht mhídhleathach, agus sceitheadh a dhéanann dochar do cháilíocht an uisce agus do phobail éisc. Cosnaítear éiceachórais agus bithéagsúlacht leis an ról ríthábhachtach sin agus cosnaítear sláinte an phobail freisin agus cuireann sé cosc ar sháruithe ar dhlíthe comhshaoil ar fud na tíre.

Faoinár bplean corparáideach roimhe seo, chríochnaíomar 460 ionchúiseamh, rud a léiríonn ár dtiomantas do rialacháin a fhorfheidhmiú a chosnaíonn timpeallachtaí uisceacha. Díríonn ár straitéis nua ar ár gcumas, ár dtacaíocht, ár n-oiliúint agus ár scileanna a fheabhsú dár gcúram forfheidhmithe i réimsí na cosanta gnáthóige agus cháilíocht an uisce. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil atá ag teacht chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí.

Trínár gcumas forfheidhmithe a neartú, ár n-úsáid teicneolaíochta a mhéadú, agus a bheith ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile agus lenár gcomhpháirtithe, tá sé mar aidhm againn freagracht chomhroinnte a chothú maidir le cosaint iascaigh. Tríd sin, spreagfaimid cleachtais chomhshaoil fhreagracha agus meas ar acmhainní nádúrtha i ré an athraithe aeráide. Agus é sin á dhéanamh againn, táimid ag tacú le sláinte fhadtéarmach ár n-éiceachóras agus le sláinte na bpobal a bhraitheann orthu.

Tionscnaimh

Chun tacú leis an tosaíocht seo, déanfaimid:

2.1 Reachtaíocht atá ann cheana a chur i bhfeidhm go hiomlán le héiceachórais éisc agus fionnuisce a chosaint trí ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus ionchúisimh.

2.2 An cás a throid ar son reachtaíocht agus pionóis neartaithe le héiceachórais iascaigh a chosaint.

2.3 Uasoiliúint a chur ar ár n-oifigigh chosanta i bhforfheidhmiú cáilíochta uisce agus i gcumas cosanta gnáthóg de réir an dea-chleachtais, le tacú lenár gcumas foriomlán maidir le forfheidhmiú comhshaoil.

2.4 Comhpháirtíocht a dhéanamh le gníomhaireachtaí forfheidhmithe comhshaoil eile, ag neartú comhoibriú ilghníomhaireachta le feabhas a chur ar thorthaí bithéagsúlachta agus gnáthóige.

2.5 Tionchar comhshaoil ár gcuid oibre forfheidhmithe a chur in iúl don phobal agus dár bpáirtithe leasmhara.

2.6 Infheistíocht a dhéanamh inár gcumas, inár dteicneolaíocht agus inár solúbthacht chun freagra a thabhairt ar thosaíochtaí forfheidhmithe.

2.7 Plean acmhainní agus cur chun feidhme a fhorbairt chun ár bhfreagrachtaí nua a chomhlíonadh, lena n-áirítear an Tuinnín Gorm, an Dordán Mara agus gach speiceas éisc eile a chosaint faoi shainchúram reachtúil IIÉ, Airteagal 55 a chomhlíonadh agus Plean Bainistíochta Lochanna Móra an Iarthair.

2.8 Ár gcumas a mhéadú chun freastal ar na brúnna méadaithe a eascraíonn as neamhchomhlíonadh reachtaíochta comhshaoil, agus as forbairt bonneagair talmhaíochta, tithíochta, fuinnimh, iompair, uisce agus fuíolluisce.

Torthaí

- Comhlíontacht le dlithe comhshaoil a neartú.
- Gníomhaíochtaí forfheidhmithe méadaithe agus acmhainn níos mó forbartha, ag uasmhéadú úsáid na teicneolaíochta, laistigh den fhoireann.
- Tacaíodh le reachtaíocht nua le pionóis níos láidre chun cuntasacht a fheabhsú.
- Feabhsú ar fhorfheidhmiú caighdeán cáilíochta uisce agus cosaint ar ghnáthóga.
- Obair curtha i gcrích go rathúil le gníomhaireachtaí stáit eile, rud a d'eascair as cruthú prótacail chomhpháirteacha foirmiúla le comhlachtaí Stáit chun tacú le freagairtí comhordaithe ar theagmhais chomhshaoil, rud a d'fhág go raibh comhlíontacht níos airde ann agus go laghdaíodh gníomhaíocht mhídhleathach.
- Ag iarraidh cumhachtaí forfheidhmithe comhpháirteacha a chruthú le heagraíochtaí comhshaoil eile.

ATHBHUNAIGH

Léireoimid ceannaireacht maidir le gnáthóga uisceacha a athbhunú chun tacú le hiascaigh intíre shláintiúla

Comhthéacs

Leagann an Dlí um Athchóiriú an Dúlra (2024), mar aon leis na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Bhithéagsúlacht agus Uisce, béim ar an ngá práinneach atá ann le héiceachórais a athbhunú agus cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú. Tá IIÉ ar thús cadhnaíochta maidir le tionscnaimh athbhunaithe atá bunaithe ar theicneolaíocht agus sonraí agus ar réitigh dúlrabhunaithe le gnáthóga éisc, pobail agus a n-éiceachórais a fheabhsú—obair a bheidh fós ina príomhthosaíocht faoinár straitéis nua.

Tá cur chuige sistéamach á ghlacadh againn le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin inbhuanaitheachta agus ar dhíghrádú éiceachórais, agus táimid ag leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí comhshaoil ar iarrachtaí athbhunaithe fiúntacha agus ar réitigh dúlrabhunaithe. Tá tiomantas leanúnach againn athrú atá dírithe ar an todhchaí a spreagadh ar scála mór maidir le hathbhunú éiceachórais agus aibhneacha atá ag sreabhadh go saor, rud a léirítear trí shamplaí amhail an Clár Náisiúnta Maolaithe Bacainní.

Tuigimid go bhfuil riachtanais athbhunaithe uathúla ag gach ceantar agus bíonn pleanáil chúramach ag teastáil, agus neartóimid ár gcumas speisialaithe le haghaidh a thabhairt orthu seo inár straitéis nua. Trí chomhoibriú a chothú agus réitigh nuálacha a úsáid, tá sé mar aidhm againn éiceachórais iascaigh a athbhunú agus buntáistí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha buana a sholáthar d'Éirinn.

Tionscnaimh

Chun tacú leis an tosaíocht sin, déanfaimid:

3.1 Tionscadail athbhunaithe chlaochlaitheacha agus cláir chothabhála leanúnacha a fheabhsaíonn pobail éisc agus éiceachórais ar scála mór a aithint agus a sheachadadh le chéile lenár gcomhpháirtithe. Tabharfar tús áite do thionscadail athbhunaithe de réir tábhachta straitéisí, buntáistí féideartha agus indéantachta.

3.2 Cláir a chur i bhfeidhm a thacaíonn le haibhneacha a shreabhann go saor, lena n-áirítear an Clár Náisiúnta Maolaithe Bacainní, ár gclár athbhunaithe suaitheanta atá á sheachadadh againn i gcomhthéacs Chreat-Treoir Uisce.

3.3 Leanúint dár gcumas agus saineolas nuálach a fhorbairt le bheith ar thús cadhnaíochta maidir le taighde, caighdeáin agus modhanna hidreamoirfeolaíochta in Éirinn.

3.4 Foinsí nua maoinithe do chláir athchóirithe a shainaithint.

3.5 Comhairle a chur ar an Aire maidir le cúrsaí athbhunaithe gnáthóige agus tionchair bheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta ar iarrachtaí athbhunaithe.

Torthaí

- Is féidir linn feabhas ar ghnáthóg uisceach mar thoradh ar ár gcuid oibre a léiriú.
- Déanaimid cuspóirí athbhunaithe an Chláir Náisiúnta Maolaithe Bacainní a sheachadadh.
- Aithnítear muid mar cheannaire náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le hathchóiriú gnáthóg uisceach in Éirinn.
- Is féidir linn fianaise a thabhairt ar chomh-sholáthar rathúil lenár gcomhpháirtithe agus le pobail áitiúla ar thionscadail athchóirithe comhtháite.
- Chuireamar le cur i bhfeidhm an Dlí um Athbhunú an Dúlra in Éirinn i ndáil le gnáthóga uisceacha agus éisc.
- Déanfar ár dtionscnaimh a chur i gcrích i gcomhréir leis na caighdeáin chomhshaoil is airde.

TACAIGH

Labróimid amach go gníomhach ar son agus cuirfimid chun cinn cosaint agus athbhunú iascaigh intíre agus slatiascaireachta mara, ag úsáid fíricí agus fianaise shoiléire chun tacú lenár dteachtaireacht

Comhthéacs

Ó bunaíodh IIÉ, tá athrú suntasach tagtha ar a thimpeallacht oibriúcháin. Tá brú méadaitheach ar acmhainní iascaigh intíre na hÉireann, agus tá dúshláin nua aeráide agus comhshaoil ag teacht chun cinn i gcónaí. Táimid dúshláin nua aeráide agus comhshaoil romhainn agus ní mór dúinn oiriúnú dóibh i gcónaí agus maolú a dhéanamh orthu. Chomh maith leis sin, tá reachtaíocht nua, amhail an Dlí um Athbhunú an Dúlra, i bhfeidhm.

I bhfianaise dhúshláin chomhshaoil an lae inniu, aithníonn an tosaíocht straitéiseach nua seo go gcaithfidh IIÉ ról gníomhach a bheith aige i dtaca le gníomhú ar son na haeráide. Beidh an IIÉ ina ghlór láidir le huisce agus gnáthóga a chosaint agus le hacmhainní slatiascaireachta a chothabháil agus a fheabhsú chun tacú le hiascaireacht áineasa ar mhaithe le buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha do na glúnta atá le teacht. Aithnímid iascairí mar chomhpháirtithe tábhachtacha inár n-iarrachtaí caomhnaithe agus athbhunaithe freisin.

Is gá dúinn an cás a throid go gníomhach agus ar bhealach fianaise-bhunaithe chun úinéireacht a ghlacadh ar an gcaoi a labhraítear faoin scéal agus chun tionchar a imirt ar athruithe ar chúrsaí comhshaoil, caomhnaithe agus athchóirithe. Trí chultúr taighde agus eolaíochta a chothú is féidir linn a chinntiú go bhfuil ár dtacaíocht bunaithe ar chuntasacht agus ar ionracas.

Leanfaimid dár ról tábhachtach i leith comhairle a chur ar an Aire agus ar an rialtas maidir le hiarrachtaí caomhnaithe agus athchóirithe, agus úsáid á baint againn as ár saineolas taighde speisialaithe agus ár n-anailís sonraí. Leanfaimid orainn ag tabhairt ceannaireachta le hiarrachtaí oideachais phoiblí chun feasacht a mhúscailt faoin obair sin agus úsáid a bhaint as deiseanna amhail Uachtaránacht na hÉireann ar an AE lenár bpríomhthosaíochtaí a chur chun cinn.

Tionscnaimh

Chun tacú leis an tosaíocht seo, déanfaimid:

4.1 Comhairle a chur ar an rialtas maidir le caomhnú, athbhunú agus bainistíocht fhianaise-bhunaithe ar acmhainn na n-iascach intíre agus na slatiascaireachta mara, agus a bheith ag troid ar a son, le bonn eolais níos fearr a chur faoi chinntí agus ceapadh beartais.

4.2 An cás a throid ar son reachtaíocht agus pionóis neartaithe le héiceachórais iascaigh a chosaint.

4.3 Cumarsáid rialta a dhéanamh leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara faoi thorthaí agus tionchar ár gcuid oibre caomhnaithe agus athbhunaithe, agus cásanna inár baineadh éachtaí amach agus tionscnaimh nuálacha a roinnt trí chainéil phoiblí.

4.4 Ceannaireacht a thabhairt ar thionscnaimh oideachais phoiblí, ar ghníomhaíochtaí for-rochtana agus ar imeachtaí agus eolaíocht na saoránach a spreagadh chun tacú le maoirseacht agus feasacht a mhúscailt maidir le riachtanais chaomhnaithe agus athbhunaithe, agus ár straitéis maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana agus oideachais ardtionchair á cur chun cinn ag an am céanna.

4.5 Plean rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, á mapáil na páirtithe leasmhara ar fad agus ag sainaithint cineálacha oiriúnacha rannpháirtíochta (e.g. imeachtaí a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo).

4.6 Rannpháirtíocht chuimsitheach agus inbhuanaithe sa tslatiascaireacht a chur chun cinn.

Torthaí

- Aithnítear muid mar ghlór ceannródaíoch i gcaomhnú, athchóiriú agus bainistíocht fhianaise-bhunaithe, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ag ár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, lucht ceaptha beartas agus gníomhaireachtaí stáit eile.
- Déanaimid idirghníomhú ar an leibhéal ceaptha beartais leis an rialtas agus le gníomhaireachtaí stáit agus idirnáisiúnta/AE eile, agus bíonn tionchar againn orthu.
- Tá feasacht agus tacaíocht níos fearr cothaithe againn i measc an phobail maidir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear gnáthóga agus slatiascaireacht áineasa.
- Tá comhpháirtíochtaí éifeachtacha agus líonra tacaíochta forbartha againn a ailíníonn lenár dtosaíochtaí straitéiseacha, rud a léirítear trí thionscadail a seachadadh i gcomhpháirt, creatlacha comhoibrithe foirmiúla, tionscnaimh mhaoirseachta comhroinnte, agus feabhsuithe intomhaiste a baineadh amach trí ghníomhaíocht chomhordaithe.

Ár gCumasóirí Straitéiseacha

Agus an plean seo á fhorbairt againn, rinneamar machnamh ar na ceithre phríomhchumasóir a chuireann taca faoi sheachadadh éifeachtach ár bplean agus na torthaí inmhianaithe atá againn. Bunaithe ar chreat rialachais atá láidir agus atá ag feabhsú i gcónaí, beidh ár rath á thiomáint ag saineolas, scileanna agus paisean ár ndaoine, úsáid éifeachtach na teicneolaíochta agus na sonraí, agus ár gcomhpháirtíochtaí comhoibríocha. Is iadsan a spreagann ár rath agus a mhúnlaíonn an obair a dhéanaimid gach lá.

Beidh ár bplean bunaithe ar ár mbunsraitheanna a neartú, rud a chiallaíonn go mbeidh a dtionscnaimh agus a dtorthaí tiomnaithe féin ag teastáil ó na cumasóirí seo le go seachadfar iad. Tá ár ráitis uaillmhéine leagtha amach againn do gach cumasóir thíos, a bheidh mar threoir ag ár ngníomhartha inár bpróiseas pleanála bliantúil.

Ár Rialachas

***Rialachas* láidir a oibríonn de réir na gcaighdeán is airde**

Léiríonn cur i bhfeidhm leanúnach mholtaí an Athbhreithnithe EY agus socrú an **rialachais** mar chumasóir ríthábhachtach tiomantas IIÉ dá chreat rialachais a neartú, ag cinntiú go bhfuil sé in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin reatha agus acmhainní uisceacha na hÉireann a bhainistiú go héifeachtach don todhchaí.

Beidh cáil orainn mar eagraíocht a dhéanann rialachas láidir atá i gcomhréir leis na caighdeáin is airde, rud a thacaíonn lenár bhfeidhmíocht ardcháilíochta agus a chuireann torthaí intomhaiste ar fáil. Coinneofar ár gcórais rialachais fheabhsaithe, amhail ár gCód Iompair a ndearnadh athbhreithniú air le déanaí, chun a stóinseacht a chinntiú agus chun tacú le cinnteoireacht thrédhearcach agus cuntasacht.

Tionscnaimh ríthábhachtacha:

- Coinneoimid creat rialachais láidir le próisis dhigiteacha sruthlínithe a thacaíonn le cinnteoireacht agus bainistíocht riosca éifeachtach agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha á mbaint amach againn.

- Éascóimid agus tacóimid leis an athbhreithniú neamhspleách ar IIÉ, á chinntiú go léiríonn Creat Dearbhaithe Rialachais IIÉ dea-chleachtas sa riarachán poiblí agus go bhfuil sé i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Ár bhFoireann

Tacú lenár bhfoireann chun sármhaitheas a sholáthar

Tógfaimid cultúr oscailteachta, cumarsáide feabhsaithe agus comhoibrithe, áit a spreagfar agus a chumhachtófar ár ndaoine lenár bhfís agus ár misean a sheachadadh.

Aithneofar ár bhfoirne ardfheidhmíochta mar shaineolaithe, agus tacófar leo leis an gcumas, an oiliúint agus na hacmhainní cearta chun oibriú go héifeachtúil agus de réir na gcaighdeán is airde. Cinnteoimid go mbeidh nascacht láidir rannpháirtíochta againn ar fud ár n-eagraíochta.

Forbróimid lucht saothair oilte agus athléimneach a mbeidh na cumais riachtanacha acu lenár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.

Príomhthionscnamh:

- Straitéis Daoine agus Cultúir a fhorbairt chun tacú le seachadadh na dtosaíochtaí straitéiseacha.

Ár nEolas

Leas a bhaint as cumhacht an Eolais, sonraí agus na teicneolaíochta faisnéise

Úsáidfimid sonraí ardchaighdeáin, teicneolaíocht nua-aimseartha, agus ár n-eolas comhchoiteann chun eolas a chur ar fáil dár ndaoine, dár straitéisí, dár mbeartais agus dár dtionscadail. Neartóimid ár gcumas bailiúcháin, stórála agus comhtháthaithe sonraí, ag cinntiú rialachais láidir agus próisis shoiléire le léargais a roinnt ar fud na heagraíochta.

Leathnóimid úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn—amhail cianbhraith, dróin, anailísíocht chumasaithe ag IS, agus uirlisí gabhála allamuigh digiteacha—le héifeachtacht ár gcuid oibre eolaíche agus oibríochtúla a fheabhsú. Chomh maith leis sin, déanfaimid comhroinnt eolais agus comhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta a neartú le bonn fianaise níos láidre, comhroinnte a thógáil le haghaidh cinnteoireachta comhshaoil.

Tacóidh ár gcumas feabhsaithe digiteach agus eolais lenár ról mar chomhairleoir iontaofa don Rialtas, do pháirtithe leasmhara agus don phobal. Trí chórais a chomhtháthú, próisis a shruthlíniú, agus cibearshlándáil láidir a chothabháil, cuirfimid seirbhísí poiblí níos inrochtana agus níos nua-aimseartha ar fáil.

Tionscnaimh ríthábhachtacha:

- Straitéis taighde agus straitéis eolais a fhorbairt.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcórais sonraí agus ar ár gcleachtais TF lena chinntiú go dtacaíonn uirlisí digiteacha go hiomlán lenár dtosaíochtaí straitéiseacha.
- Úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a mhéadú agus comhoibriú eolais le comhpháirtithe náisiúnta a neartú.

Ár gComhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí comhoibríocha láidre a fhorbairt

Bíonn ár gcuid oibre ag brath ar chomhpháirtíochtaí éifeachtacha idir gníomhaireachtaí stáit, údaráis áitiúla, comhlachtaí náisiúnta, pobail, eagraíochtaí slatiascaireachta, grúpaí comhshaoil, agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Comhoibreoimid go gníomhach agus comhroinnfimid eolas leis na páirtithe leasmhara sin, á neartú acmhainn chomhpháirteach agus ag ailíniú iarrachtaí bunaithe ar thorthaí comhroinnte comhshaoil agus pobail. Bunóimid Meabhráin Tuisceana agus creatlacha comhpháirtíochta foirmiúla eile a thacaíonn le seachadadh comhordaithe, a fheabhsaíonn trédhearcacht, agus a fheabhsaíonn tuairisciú ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Trí na comhpháirtíochtaí sin, cuirfimid tionscadail nuálacha comhshaoil agus faoi stiúir an phobail ar aghaidh, a dhearfar i gcomhpháirtíochta le hiascairí, pobail áitiúla, agus eagraíochtaí comhshaoil, chun éiceachórais uisceacha a fheabhsú agus chun tacú le sochair inbhuanaithe áineasa agus socheacnamaíocha.

Príomhthionscnaimh: Forbairt, cothabháil agus monatóireacht a dhéanamh ar ár gcomhpháirtíochtaí lena chinntiú go bhfeabhsaíonn siad seachadadh ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus tosaíochtaí ár bpáirtithe leasmhara.

- Rannpháirtíocht le comhlachtaí iascaireachta, grúpaí pobail áitiúla, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil a neartú chun tionscnaimh athbhunaithe, maoirseachta agus caomhnaithe a sheachadadh le chéile.
- Struchtúir chomhpháirtíochta (e.g., Meabhráin Tuisceana) a bhunú ar bhonn foirimiúil a thacaíonn le comhoibriú leanúnach, tuairisciú comhordaithe, agus seachadadh tionscadal comhroinnte ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus AE.

Cur i bhFeidhm na Straitéise

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo réimsí fócais fhoriomlána IIÉ don chéad chúig bliana eile. Bíodh is go solathraítear fís agus treoir ardleibhéil, forbrófar pleananna cur chun feidhme mionsonraithe do gach tionscnamh agus pleananna seirbhíse tríd an bpróiseas pleanála gnó bliantúil atá againn. Sainmhíneofar go soiléir sna pleananna sin Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) le cuntasacht agus torthaí intomhaiste a chinntiú.

Déanfaidh Bord IIÉ agus a Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na straitéise seo. Déanfar ár ndul chun cinn bliain i ndiaidh bliana i gcoinne na straitéise a thuairisciú agus a fhoilsiú tríd ár dTuarascálacha Bliantúla. Tá siad sin ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

Chomh maith leis sin, leanfaidh comhaontú seachadta feidhmíochta IIÉ lenár máthair-Roinn, DCEE, de bheith mar bhonn agus taca ag ár dtiomantas do thrédhearcacht agus do sheachadadh.

Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland